# DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA CHOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

**an 24 Márta 2023**

**maidir le hAirteagal 13(3a) de Chreat Windsor** ([1])

Aithníonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur gá, chun fógra faoi Airteagal 13(3a) de Chreat Windsor a thabhairt de mheon macánta i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([2]) ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), an fógra sin a thabhairt faoi gach ceann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Dearbhú Aontaobhach ón Ríocht Aontaithe maidir le rannpháirtíocht institiúidí Chomhaontú 1998, atá i gceangal le Cinneadh Uimh. 1/2023 ([3]).

I gcás inar rialaigh an painéal eadrána, i gcomhréir le hAirteagal 175 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar i ndáil le fógra faoi Airteagal 13(3a) de Chreat Windsor, ba cheart comhlíonadh tapa rialú an phainéil eadrána a bhaint amach, mar a leagtar amach i Moladh Uimh. 2/2023 ([4]).

---

([1]) Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023.

([2]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor (féach leathanach 61 den Iris Oifigiúil).

([4]) Moladh Uimh. 2/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 maidir le hAirteagal 13(3a) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (féach leathanach 86 den Iris Oifigiúil).